

Cumann Mhicheál Breathnach

ag déanamh sár chosaint go deo. D'éirigh le himreoirí sóisir Chondae na Gaillimhe na bliana 2000, Dóimhnall Ó Curraoin, cúilín eile a aimsiú d'fhir Chois Fharraige, ach ba ghearr a bhí foireann na Gaillimhe chun cinn mar sa gcúig nóimead deiridh den chéad leath, bhí fir Ros Comáin in uachtar agus d'aimsigh siad cúilíní ar a chéile agus bhí cúilín le spárail ag Pádraig Mac Piarais ag leath ama. Cibé céard a dúirt bainisteoir na foirne le Mícheál Breathnach ag leath ama, chonaic muid sárthaispeántas peile ón bhfoireann sa dara leath. Dhá nóimead a bhí caite nuair a bhí cúilín aimsithe ag Pádraic Ó Gríofa agus ag Filip Ó Coisdealbha. Bhí an mí-ádh ceart ar an gCoisdealbhach go gairid ina dhiadh sin nuair a rinne Al Mac Gloinn sárshábhailt air, ach d'éirigh le Tadhg Mór Ó Curraoin lámh a chur leis an liathróid agus i a bhá san eangach. Bhí ceannas ceann anois ag fir Chois Fharraige, sárpheil á imirt acu agus é sin le feiceál ar chlár an scóir. D'aimsigh Ó Márta cúilín eile, peire cúilíní ó Phádraic Ó Gríofa agus ceann eile ó Thadhg Ó Curraoin agus ó Liam Ó Fátharta. Cé go raibh coimhlint mhaith as sin go dtí deireadh an chluiche, chuir Donnachadha Ó Conghaile deireadh leis an gcoimhlint a bhí ann nuair a d'aimsigh seisean an cúilín deireanach do Mhicheál Breathnach, rud a d'fhág 1.14 ag Mícheál Breathnach agus 1.8 ag Pádraic Mac Piarais, ach ní ba thábhachtaí ná sin, b'iad Mícheál Breathnach an chead Chumann i gCondae na

Gaillimhe a thug Corn Sóisir Chúige Chonnacht abhaile leo ó cuireadh tús leis an gComórtas seo. Is i ngrád idimheánach mar sin atá Mícheál Breathnach ag imirt i nGaillimh i mbliana agus tá ag éirí go maith leo ansin go dtí seo. As na sé chluiche atá imrithe acu tá cúig cinn buaite acu agus chríochnaigh siad ar comhscór i gceann amháin. Tá foireann sóisir B agus C ag treabadh an ghoirt go maith freisin, an óige ag teacht chun cinn go mór ó thaobh na peile sa dá fhoireann seo. Tá an fhoireann sóisir á bhunú i ngrád níos airde i mbliana agus cé nach raibh ag éirí rómhaith leo ag tús an tséasúir de réir a chéile, tá siad ag fáil cleachtach air agus ag dul i dtaithe foirne i bhfad níos fearr ná a bhí siad anuraidh.

Caithfear comhghairdeachas a dhéanamh, dar ndóigh le foireann galf an Chumainn. Iar Imreoirí agus imreoirí atá ann faoi láthair atá ar an bhfoireann seo. D'éirigh thar barr leo i gComórtas na gClubanna i gConnacht agus anois beidh siad ag déanamh ionadaíochta ar son Chúige Chonnacht agus ar son Mhicheál Breathnach ag an gComórtas Náisiúnta a bheas ar siúl i bPort Láirge. Míle buíochas leo siúd: sin Mícheál Tim Ó Conghaile, Donnachadha Ó Conghaile, le Pádraic Ó Maoileoin, le Cóil Ó Finneadha agus le Peadar Ó Finneadha agus le Máirtín Carr. Go n'éirí an t-ádh libh agus go dtabharfadh sibh abhaile Comórtas FBD agus Ireland on Sunday.

Bheadh sé deacair cumann mar seo a rith


marach tacaíocht an phobail. Tá buíochas mór tuillte acusan i mbliana. Iad siúd a cheannaíonn loto agus iad siúd a bhíonn ag tabhairt tacaíochta do na foirne éagsula a bhíonn ag imirt ar na páirceanna. Tá buíochas mór tuillte ag príomh-urraithe na bliana seo caite: Peadar Ó Finneadha, ag na tithe tabhairne: Tír na nÓg, an Poitín Stil agus Tigh Chualáin, le Siopa an Phobail le Máirtín Grealish, agus le Cló Iar-Chonnachta. Murach a gcabhair siúd i rith na bliana ba dheacair foirne a chuir chun páirce.

I mbliana siad GC Leictreach atá mar phríomh-urraithe ag an bhfoireann idir-mheánach agus ag na sóisir. Buíochas mór tuillte acusan as a gcabhair i rith na mblianta agus tá buíochas freisin tuillte ag Socos Teo., atá mar mar phríomh-urraithe ar fhoireann mionúir an Chumainn. Buíochas leo siúd a bhíonn i mbun an loto chuile sheachtain agus le Mairéad agus Seán Ó Foighil ó Shiopa an Phobail a chuireann dearbhán £50 ar fáil don loto chuile sheachtain, agus iad siúd a bhíonn ag obair go dian ar son an Chumainn. Murach a lámh siúd agus lámh daoine eile, is beag seans a bheadh ag an gCumann seo a bheith i gComórtas le foirne móra eile sa gCondae, ach níl dabht faoi ná gur gearr go mbeidh muid fhéin ar cheann do na foirne is mó a bheas cáil agus cliú orthu istigh sa gCondae seo.

Cumann Mícheál Breathnach

Iománaíocht

Brian Ó Cuív



Cumann Mícheál Breathnach - Iománaíocht - Foireann Faoi 13

Line tosaigh ó chlé: Eoin Ó Coisdealbha, Séamus Ó Conghaile, Pádraig Ó Dubhghaill, Oisín Ó Ceallaigh, Aonghus Ó Cadhain, Rónán Ó Cadhain, Seán Denvir, Cian Ó Gríofa. **Ar chúil:-** Gearóid Ó Fátharta (Traenálaí), Siobhán Ní Mhaoileoin, Eoghainín Ó hAinmhíre, Seán Ó Donnacha, Diarmaid Ó Ceallaigh, Cian Mac Giolla Bhríde, Antoine Ó Finneadha, Seán Ó Finneadha, Carthach Breathnach, Tomás Ó Ceallaigh (Traenálaí).

Go dtí na hochtóidí ní raibh traidisiún iománaíochta i gCumann Mícheál Breathnach, cé gur imir roinnt mhaith ón bparóiste le Cumann an Spidéil thar na blianta. Thart ar an am céanna a ghnóthaigh Paróiste an Chnoic Trófaí Ghlór na nGael sna hochtóidí a bunaíodh foirne iomána faoi aois agus fásta i gCumann Mícheál Breathnach. Lean an obair leis na foirne ar aghaidh go ciúin réidh agus faoi dheireadh tháinig toradh ar an obair: bhí pictiúr in Biseach, Nollaig 1998, den chéad fhoireann ariamh a ghnóthaigh comórtas iománaíochta do Chumann Mícheál Breathnach - foireann faoi 12, i gComórtas C, Sraith Chathair na Gaillimhe, a fuair an ceann is fearr ar Rathún/An Caisleán Nua an bhliain sin.

Tá Sraith na Cathrach faoi 13 C, 1999 agus Craobh an Chontae faoi 14 C Speisialta, 2000 buaite ag an bhfoireann chéanna ó shin. Ba bhliain ar leith i 2000, idir pheil agus iománaíocht, agus ní raibh foirne eile iomána an Chumainn díomhaoin ar chor ar bith. Bhí an bua ag an bhfoireann faoi 15 i Sraith na Cathrach B agus ag an bhfoireann faoi 10 i gcomórtas speisialta sa bhfómhar do Sciath Bhearna/Na bhForbacha. Idir an dá linn bhain an fhoireann faoi 13 áit amach i gcluiche ceannais C, Sraith na Cathrach, agus chríochnaigh siad féin agus foireann an Spidéil ar comhscór. Is i mí na Samhna seo caite a imríodh é sin, agus b'éigean an athimirt a chur siar ó shin mar gheall ar an aimsir, an galar cruíbe agus béil, agus comórtais eile a imríodh ó shin. Tá súil againn go n-athimreofar an cluiche ceannais faoin am a bhfoilseofar *Biseach*.

Mar gheall ar an dul chun cinn mór socraíodh i mbliana cuid de na foirne a chur i ngrád níos airde, agus cé nach bhfuil súil leis an oiread céanna craobhacha a ghnóthachtáil go ceann tamaill eile, níl amhras ar bith ach go bhfuil caighdeán na himeartha ag feabhsú go mór. Rognaíodh Peadar Ó Cionnaith ar fhoireann faoi 14 an Chontae sa pheil agus san iománaíocht

sa mbliain 2000, agus bhí Dónall Ó Héalaí ar phainéal iomána faoi 14 an Chontae i 2001. Agus níl deireadh fós leis na héachtaí: ghnóthaigh foireann faoi 12 na bliana 2001 Sciath faoi 12 C, Sraith na Cathrach, agus chuaigh siad chomh fada le cluiche leathcheannais an Chontae agus iad ag imirt i ngrád níos airde ná aon bhliain roimhe seo.

Cé go raibh bliain nó dhó ón tús nach raibh foireann sóisear (fásta) againn, tá sé sin ina cheart aríst. Athbhunaíodh an fhoireann sin i 2000 agus chuaigh siad seo chomh fada le cluiche leathcheannais i gComórtas C Speisialta an Chontae ina gcéad iarracht. Bhí mí-ádh orth an cluiche sin a chailleadh.

Tá foreann faoi 16 againn i mbliana, den chéad uair ó 1995, agus tá na himreoirí faoi aois a thosaigh ina ngasúir óga leis an gCumann ag teacht ar aghaidh de réir a chéile lena n-áit a thógáil ar an bhfoireann sóisear. Tá os cionn 60 imreoir faoi aois ag imirt leis an gCumann anois agus idir 20 agus 30 leis an bhfoireann sóisear. Tá cúrsaí ag dul ó neart go neart agus níl aon amhras a thuilleadh ach go bhfuil an iománaíocht fréamhaithe go láidir sa gCumann.



Cumann Mícheál Breathnach - Iománaíocht - Foireann Faoi 10

Line tosaigh ó chlé: Fiach Ó Béarra, Máirtín Ó Curraoin, Stiofán Ó Céidigh, Éinne Ó Conghaile, Diarmaid Ó Finneadha, Peadar Ó Gríofa, Seán Ó Finneadha, Keith Ó Donnacha, Gearóid Ó Finneadha.

Ar chúil: Tomás Ó Ceallaigh (Traenálaí), Máirtín Ó Ceallaigh, Breandán Ó Conghaile, Fiontán Ó Curraoin, Colm Ó Cuív, Gearóid Ó Conghaile, Iaos Howlin, Leon Mac Lochlainn, Tomás Ó Riada, Kevin Óg Ó Conghaile, Sadhbh Ní Cheallaigh, Gearóid Ó Fátharta (Traenálaí)



Cumann Mícheál Breathnach - Iománaíocht - Foireann Faoi 15

Line tosaigh ó chlé:- Eoghainín Ó hAinmhíre, Pádraic Mac Giolla Bhríde, Éanna Ó Conghaile, Pádraig Ó Gallchoir, Aonghus Ó Cadhain, Seán Ó Donnacha, Séamus Ó Conghaile, Seán Ó Ceallaigh, Éanna Ó Tuathail, Peadar Ó Cionnaith.

Ar chúil:- Gearóid Ó Fátharta (Traenálaí), Diarmuid Ó Cuív, Eoin Ó Coistealbha, Frainc Denvir, Mícheál Ó Súilleabháin, Dónall Ó Héalaí, Jack Mac Giolla Bhríde, Diarmaid Ó Tuairisg, Eoghan Ó Conghaile, Séamus Ó Coinceanainn, Brian Ó Cuív (Traenálaí)